# Ballymun/Finglas to City Centre Scheme

## Construction Update
## May 2026

For live construction updates in your area, please scan the QR code, to view our interactive web map.

www.ballymunfinglasscheme.ie


Site investigation works are currently underway for the Ballymun/Finglas to City Centre Core Bus Corridor Scheme. These investigations are ongoing and are required to inform the detailed design of the proposed scheme.

This pre-construction phase will also involve the establishment of a **temporary construction compound** within the parklands at **Claremont Lawns**. Please see the map below showing the location of the compound site.

The compound set-up is planned to commence from **18 May 2026** and will take approximately eight weeks. Once established, the compound will remain in use for the duration of the project, currently scheduled for completion by the **end of 2028**.

The location of this compound has been approved as part of the Planning Approval from An Coimisiún Pleanála for the Ballymun Finglas to City Centre Scheme received in **March 2024**.

**If you have any additional queries please see our contact details at the bottom of this page.**




## Contact Us

Breffni Jones (GRAHAM) on 087 464 5220
ballymunfinglasscheme@busconnects.ie
Freephone 1800 303 400

GRAHAM Working on behalf of BUS CONNECTS

Do Chathair, Nasc Níos Fearr
Your City, Better Connected

# FAQs

**What are site investigations?**

Site investigations are works used to identify the ground conditions and structural requirements of planned construction works.

**What is a construction compound?**

Construction compounds are secure sites used for storage of materials, plant, equipment, offices, welfare facilities, and limited parking.

**What happens to the construction compound once construction is completed?**

The site will be cleared and restored to its pre-existing condition, including replacement of any trees removed.

**What safety measures will be in place?**

All site perimeters will be fenced off with clear and prominent signage. There will be 24-hour security on site to prevent unauthorised access. Any lighting required for the site after hours will be considerate to the surrounding neighbours. Regular site safety inspections will be undertaken throughout the duration of project.

**How will dust and dirt on nearby roads be managed?**

Appropriate measures will be taken to minimise any dust or dirt that may be generated within the compound. We are committed to maintaining surrounding roads and public areas in a clean, safe, and tidy condition throughout the works.

**What about noise and vibrations?**

Noise and vibration levels will be regularly monitored throughout construction. When necessary, noise mitigation measures, such as acoustic enclosures and vibration monitoring, will be implemented. Most activity within the compound will involve storage operations, helping to keep overall noise to a minimum.

**How will access to the area be managed during works?**

A comprehensive Traffic Management Plan (TMP) will be developed and implemented in agreement with Dublin City Council and key stakeholders. The plan is designed to maintain safe and efficient access and egress, while minimising disruption to local traffic, pedestrians, and cyclists.

**What measures will be put in place to mitigate the visual impact of the compound site and lighting?**

Compounds will be surrounded by hoarding with graphically designed panels. Lighting will be angled downward to minimise disturbance.

# Scéim Bhaile Munna/Fhionnghlaise go Lár na Cathrach

## Nuashonrú Tógála. Bealtaine 2026

Chun teacht ar nuashonruithe tógála beo i do cheantar, scan an cód QR chun ár léarscáil idirghníomhach ar líne a oscailt.


www.ballymunfinglasscheme.ie

Tá oibreacha imscrúduithe láithreáin ar siúl faoi láthair do Scéim Chroíchonair Bhus Bhaile Munna / Fhionnghlaise go Lár na Cathrach. Tá na himscrúduithe sin fós ar siúl, agus tá gá leo chun bonn eolais a chur faoi dhearadh mionsonraithe na scéime atá beartaithe.

Mar chuid den chéim réamhthógála sin, bunófar **compún tógála sealadach** freisin laistigh den fhearann páirce ag **Plásóga Claremont**. Tá suíomh láithreán an chompúin le feiceáil sa léarscáil thíos.
Tá sé beartaithe tosú ar an gcompún a fheistiú ón **18 Bealtaine 2026**, agus tógfaidh sé thart ar ocht seachtaine. Nuair a bheidh sé curtha ar bun, fanfaidh an compún in úsáid fad a mhairfidh an tionscnamh atá beartaithe le críochnú **roimh dheireadh 2028**.

Ceadaíodh suíomh an chompúin sin mar chuid den Cheadú Pleanála ón gCoimisiún Pleanála do Scéim Bhaile Munna / Fhionnghlaise go Lár na Cathrach a fuarthas i **Márta 2024**.

**Má tá aon cheisteanna eile agat, féach ár sonraí teagmhála ag bun an leathanaigh seo.**




## Déan Teagmháil Linn

- Breffni Jones (GRAHAM) ar 087 464 5220
- ballymunfinglasscheme@busconnects.ie
- Saorghlao 1800 303 400

GRAHAM
Ag obair thar ceann

BUS CONNECTS
Do Chathair, Nasc Níos Fearr
Your City, Better Connected

# CCanna

**Céard is imscrúduithe láithreáin ann?**

Is ionann imscrúduithe láithreáin agus oibreacha a úsáidtear chun dálaí talún agus riachtanais struchtúrtha oibreacha tógála pleanáilte a aithint.

**Céard is compún tógála ann?**

Is ionann compúin tógála agus láithreáin shábháilte a úsáidtear le haghaidh ábhair a stóráil, gléasra, trealaimh, áiseanna leasa agus páirceáil theoranta.

**Céard a tharlóidh don chompún tógála agus an tógáil críochnaithe?**

Glanfar an láithreán, agus cuirfear ar ais é mar a bhí sé roimhe sin, lena n-áirítear aon chrainn a baineadh a athsholáthar.

**Cad iad na bearta sábháilteachta a bheidh i bhfeidhm?**

Cuirfear fál thart ar an láithreán ar fad agus comharthaíocht shoiléir agus fheiceálach air. Beidh slándáil 24 uair an chloig ar an láthair d'fhonn rochtain neamhúdaraithe a chosc. Léireofar meas ar na comharsana máguaird maidir le haon soilsiú iar-ama a theastaíonn don láithreán. Déanfar cigireachtaí sábháilteachta láithreáin rialta i rith an tionscnaimh.

**Conas a dhéanfar deannach agus salachar ar bhóithre in aice láimhe a bhainistiú?**

Déanfar bearta cuí chun aon deannach nó salachar a d'fhéadfaí a ghiniúint laistigh den chompún a íoslaghdú. Táimid tiomanta do na bóithre agus na limistéir phoiblí máguaird a choinneáil glan, sábháilte agus slachtmhar i rith an tionscadail.

**Cad mar gheall ar thorann agus creathadh?**

Déanfar monatóireacht rialta ar leibhéil torainn agus chreatha le linn na tógála. Nuair is gá, cuirfear bearta maolaithe torainn i bhfeidhm, amhail imfhálú fuaimiúil agus monatóireacht ar chreathadh. Beidh oibríochtaí stórála i gceist leis an gcuid is mó den ghníomhaíocht laistigh den chompún, rud a chabhróidh leis an torann iomlán a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

**Conas a bhainisteofar rochtain ar an limistéar le linn na n-oibreacha?**

Forbrófar Plean Bainistíochta Tráchta (PBT) cuimsitheach, agus cuirfear i bhfeidhm é, i gcomhaontú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha. Tá an plean ceaptha chun rochtain shábháilte agus éifeachtúil a choinneáil, agus cur isteach ar thrácht áitiúil, coisithe agus rothaithe a mhaolú ag an am céanna.

**Céard iad na bearta a chuirfear i bhfeidhm chun tionchar físiúil láithreán an chompúin agus an tsoilsithe a mhaolú?**

Cuirfear clárlach timpeall ar na compúin agus painéil atá deartha go grafach air. Claonfar an soilsiú síos d'fhonn aon chur isteach a íoslaghdú.